Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7066/26**

**CORDROGUE 32**
**SAN 128**
**COSI 42**
**RELEX 324**
***EUDA***
***EUROPOL***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Márta 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6433/26 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle ar Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle ar Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí, a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 4159ú cruinniú a bhí aici an 5 Márta 2026.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**
**ar Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí**

1. Tá dúshláin mhóra sláinte, shóisialta, slándála agus rialachais roimh an Eoraip a bhaineann le gáinneáil ar dhrugaí aindleathacha agus lena n-úsáid. Bíonn tionchar ag margaí drugaí atá sofaisticiúil foréigneach, agus atá ag dul i méid, ar shábháilteacht agus ar shlándáil ár sochaithe agus cuireann siad le dochar méadaithe a bhaineann le drugaí, lena n-áirítear ródháileoga, leathadh galar tógálach, coireacht a bhaineann le drugaí agus díghrádú comhshaoil, rud a dhíchobhsaíonn pobail agus a chuireann brú ar acmhainní poiblí. Tá úsáid drugaí agus gáinneáil ar dhrugaí fós ina ndúshláin thromchúiseacha sláinte agus slándála san Aontas. Bíonn tionchar ar leith ag staid na ndrugaí ar dhaoine óga agus tá méadú ag teacht ar an líon daoine a earcaítear sa choireacht eagraithe. Tá an daonlathas agus an smacht reachta faoi bhagairt, ós rud é go bhfuil éilliú agus insíothlú an gheilleagair dhlíthiúil á dhéanamh ag grúpaí coiriúla eagraithe ar scála nach bhfacthas roimhe seo.

2. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhéadaitheacha a bhaineann le húsáid drugaí, díobhálacha gaolmhara agus gáinneáil ar dhrugaí, thíolaic an Coimisiún Teachtaireacht maidir le Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh[1], bunaithe ar an meastóireacht[2] ar Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh mar a bhí[3] agus ar a Plean Gníomhaíochta[4], 2021-2025.

3. Is toradh í an Teachtaireacht maidir le Straitéis Drugaí an Aontais ar 'chomhchruthú' idir an Chomhairle agus an Coimisiún. Cuirtear san áireamh ann rannchuidithe ó cheardlanna tiomnaithe i gcomhlacht ullmhúcháin na Comhairle atá i gceannas ar bheartas drugaí agus ar mhalartuithe leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus Europol, chomh maith leis an tsochaí shibhialta.

[1] 15573/25
[2] 11320/25 + ADD1
[3] 14178/20
[4] 9819/21

4. Tá Creat Straitéiseach nua an Aontais maidir le Drugaí comhdhéanta de Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh agus den chreat cur chun feidhme a bheidh ann amach anseo. Formhuiníonn an Chomhairle an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh, agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh (dá ngairtear 'an Straitéis' anseo feasta). Leis an Straitéis sin, glactar cur chuige uaillmhianach i leith bheartas an Aontais i réimse na ndrugaí agus soláthraítear na príomhthosaíochtaí polaitiúla sa réimse sin.

5. Tá an Straitéis bunaithe ar thiomantas seanbhunaithe an Aontais agus a Bhallstát do chur chuige atá bunaithe ar fhianaise, lena dtugtar aghaidh ar gach gné d'fheiniméan na ndrugaí trí chur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí, lena gcothromaítear an laghdú ar sholáthar drugaí, an t-éileamh ar dhrugaí agus an dochar a bhaineann le drugaí, agus lena n-áirithítear na sineirgí agus an chomhlántacht is mó is féidir idir an leibhéal áitiúil, an leibhéal náisiúnta, leibhéal an Aontais agus an leibhéal idirnáisiúnta. Is é is aidhm do Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí dea-bhail na sochaí agus an duine aonair a chosaint agus a fheabhsú, an tsláinte phoiblí a chur chun cinn, ardleibhéal slándála a chur ar fáil don tsochaí agus ullmhacht a fheabhsú chun bheith in ann bagairtí sláinte agus slándála a bhaineann le drugaí a thuar agus freagairt orthu.

6. Athdhearbhaíonn Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí freisin a thábhachtaí atá sé luachanna an Aontais, an dlí idirnáisiúnta agus cearta an duine a urramú, agus beidh siad uile ina dtreoir do chur chun feidhme ghnéithe éagsúla an chreata[5]. Tá an straitéis ag teacht le gealltanais dhomhanda an Aontais, mar shampla, Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe. Tá rannpháirtíocht fhóinteach na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí pobail agus iad siúd a bhfuil taithí mhaireachtála agus saoil acu, chomh maith leis an saol acadúil agus leis an bpobal eolaíochta, le háirithiú agus beartais drugaí á gceapadh, á gcur chun feidhme, agus faireachán agus meastóireacht á ndéanamh orthu.

[5] Le Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí, urramaítear bunphrionsabail dhlí an Aontais agus seastar le luachanna bunaidh an Aontais, agus urraim á tabhairt don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an dlúthpháirtíocht, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine. Tá sé bunaithe freisin ar an dlí idirnáisiúnta, ar Choinbhinsiúin ábhartha na Náisiún Aontaithe (Coinbhinsiún Aonair 1961 um Dhrugaí Támhshuanacha, arna leasú le Prótacal 1972, Coinbhinsiún 1971 maidir le Substaintí Síceatrópacha agus Coinbhinsiún 1988 na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha) lena soláthraítear an creat dlíthiúil idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar fheiniméan na ndrugaí aindleathacha, agus ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine.

7. Maidir leis an ngné sheachtrach de bheartas drugaí an Aontais, ba cheart don Aontas leanúint dá chomhar le príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta a fhorbairt agus a neartú trí idirphlé a mbeidh tionchar fiúntach aige, trí fhothú acmhainneachta agus trí chomhar oibríochtúil feabhsaithe, lena n-áiritheofar go labhróidh sé d'aon ghuth, agus ar bhealach a bheidh i gcomhréir leis na geallta atá i gceist: ar an leibhéal iltaobhach agus go háirithe sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, trí rannpháirtíocht dhíreach faoi chuimsiú Shásra Comhordúcháin agus Comhair AE-CELAC maidir le Drugaí, Idirphlé AE-CLASI[6] agus trí Idirphlé déthaobhach an Aontais leis an mBrasaíl, leis an Áise Láir, leis an tSín, leis an gColóim, le Comhpháirtíocht an Oirthir, leis na Stáit Aontaithe agus leis na Balcáin Thiar.

8. Tá sé ríthábhachtach go n-urramófar le cur chun feidhme na Straitéise cleachtais sheanbhunaithe idir institiúidí an Aontais, lena n-áirítear i dtéarmaí ullmhúcháin agus cathaoirleachta, *inter alia* le haghaidh idirphlé an Aontais maidir le drugaí agus sainiú idirphlé nua maidir le drugaí, agus le haghaidh an idirphlé maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile. Urramóidh sé freisin sainorduithe ghníomhaireachtaí an Aontais agus ní dhéanfaidh sé réamhbhreith ar aon phlé a dhéanfar amach anseo maidir leis an athbhreithniú ar a sainorduithe.

9. Gan teacht roimh chaibidlíocht maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile, ba cheart aird chuí a thabhairt ar an ngá atá le hacmhainní iomchuí chun cuspóirí uile na Straitéise a chur chun feidhme. Ba cheart acmhainní a dhíriú go comhréireach ar na tosaíochtaí straitéiseacha sin, ar na réimsí agus ar na gníomhaíochtaí sin arb iad is dóichí a bhainfidh amach aidhmeanna na Straitéise. Faoin CAI atá ann faoi láthair, ba cheart cistiú chun tacú leis na tosaíochtaí a leagtar síos sa Straitéis a leithdháileadh ó fhoinsí cistiúcháin trasearnálacha de chuid an Aontais, lena n-áirítear go háirithe ón gCiste Slándála Inmheánaí, ón gclár EU4Health, ón sciar sin d'Fhís Eorpach a bhaineann leis an taighde, ó Chistí an Bheartais Chomhtháthaithe, ón gclár don Eoraip Dhigiteach agus ón gclár um Chearta agus Luachanna.

6 Coiste Mheiriceá Laidinigh um an tSlándáil Inmheánach

10. Chun an Straitéis a chur chun feidhme agus chun Creat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí a thabhairt chun críche, déanfaidh an Chomhairle, le tacaíocht ón gCoimisiún, ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), ó EUDA agus ó Europol, conclúidí a tharraingt suas maidir le creat cur chun feidhme lena gcumhdaítear raon iomlán thosaíochtaí straitéiseacha na Straitéise[7] le gealltanais nithiúla. Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhéadaitheacha na gáinneála ar dhrugaí, thíolaic an Coimisiún Teachtaireacht maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais um an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac[8]. Tugann an Chomhairle dá haire an Plean Gníomhaíochta atá beartaithe ag an Aontas, rud a d’fhéadfadh a bheith mar chuid den chreat cur chun feidhme. Scrúdóidh an Chomhairle Plean Gníomhaíochta an Aontais um an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac a mhol an Coimisiún, d’fhonn go bhféadfaí é a fhormhuiniú mar chuid den chreat cur chun feidhme.

11. Le cur chun feidhme Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí, ba cheart sineirgí agus comhsheasmhacht a éascú idir beartais maidir le drugaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, trí chur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí. Ba cheart don Choimisiún, agus aird á tabhairt aige ar fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit agus ag SEGS, agus ar fhaisnéis atá ar fáil ó EUDA, ó Europol agus ó ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, agus ón tsochaí shibhialta, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí. Tá an dlúthchomhar agus an comhordú riachtanach sa réimse seo, i bhfianaise na n-inniúlachtaí atá fite fuaite ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Chun an comhordú a éascú agus aon obair leantach ar bheartais is gá a cheadú, lena n-áirítear faireachán, ba cheart don Choimisiún dul i ndlúthchomhar leis an Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais agus leis an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí ina cáil mar chomhlacht ullmhúcháin na Comhairle atá i gceannas ar an mbeartas drugaí.

---

[7] Áirítear sa Straitéis tosaíochtaí atá bunaithe ar chúig cholún: 1) ullmhacht agus freagairt a fheabhsú; 2) an tsláinte phoiblí a chosaint; 3) an tslándáil a fheabhsú agus an tsochaí a chosaint; 4) aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus ar dhochar; 5) comhpháirtíochtaí láidre a thógáil.

[8] 16353/25

12. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, agus faisnéis a chuireann na Ballstáit, SEGS, EUDA, Europol, institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais agus an tsochaí shibhialta ar fáil á cur san áireamh, tuarascáil fhoriomlán a ullmhú maidir le cur chun feidhme Chreat Straitéiseach nua an Aontais maidir le Drugaí. Ba cheart an tuarascáil sin a bheith bunaithe ar tháscairí sonracha, caighdeánaithe, inchomparáide, a nuashonraítear go rialta agus atá intomhaiste, i gcás inarb indéanta, arna soláthar ag EUDA agus ba cheart í a áireamh sa chreat cur chun feidhme. Ba cheart an tuarascáil sin a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, a luaithe a bheidh sí ar fáil, agus faoi dheireadh 2032, ar a dhéanaí, ionas go bpléifear sna fóraim ábhartha iad agus go háirithe i dtionól na Meithle Cothrománaí um Dhrugaí. Ba cheart an plé sin a bheith mar bhonn leis an sainmhíniú ar an bhforbairt a dhéanfar amach anseo ar bheartas drugaí an Aontais agus ar Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí a bheidh ann amach anseo má mheastar gur gá sin, i gcomhar leis an Aontas agus lena Bhallstáit i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach.